

Laoch Spóirt



Buíochas le Sportsfile

CEANNAIRE
NÁDÚRTHA AN
GHRÚPA

Willie Dunphy

Le Liam de Lása

Is cuimhin liom ceann de na leabhair ab fhearr a léigh mé riamh, 'Last man standing' ag Christy O'Connor, a léamh lán os cionn deich mbliana ó shin. Cé gur leabhar é seo a dhíríonn go príomha ar chúram an chúl báire iomána, déantar mogallú maith ar chás an tsár-imreora sna contaetha laga in áiteanna chomh maith. Lean sé DD Quinn (Aontroim) agus Graham Clarke (an Dún) mar shampla, beirt chúl báire iomána nár chualathas mórán fúthu sna meáin roimhe sin. Bhíodar gach pioc chomh maith is a bhí cuid mhór cúl báirí mór le rá ag an am ach níor thuill siad leath den aitheantas ar chúinsí nach raibh smacht acu féin orthu.

Duine dóibh siúd ab ea Willie Dunphy go dtí le gairid, in ainneoin go dtuilleann sé a chrústa mar thosaí do chontae Laoise. B'annamh a chloisfeá trácht ar a ghaiscí iomána sna meáin náisiúnta toisc nach raibh ag éirí ró-mhaith le contae Laoise ó tugadh isteach ar an bpainéal é i 2011 ach d'athraigh sé sin anuraidh nuair a fuair eamar blaiseadh ar áilleacht, stíl agus luas Dunphy le bata fuinseoige ina láimh aige. Is trua go dtóg sé ocht mbliana lena a thallann a chur os comhair an tsaoil mhóir ach ar shlí eile ba mhíorúilt é éirí amach Laoise anuraidh.

Seans na nGrást

Nuair a ghlac Eddie Brennan le post an bhainisteora ar iománaithe Laoise ag deireadh na bliana 2018, ba bheag duine a thabharfadh seans na ngrást dóibh Páirc an Chrócaigh a bhaint amach an bhliain dár gcionn. Chríochnaíodar ag bun an dréimire i gcomórtas Mhic Dhonncha agus ba ar éigean a d'éirigh leo a stádas a choimeád sa chomórtas san in aon chor.

Mar bharr ar an donas, dhiúltaigh roinnt imreoirí acu do chuireadh ó fhear Chill Chainnigh chun teacht ar bord don mbliain nua. Bhí cúrsaí corrach ann, agus ba mhaith a bhí a fhios ag Brennan é sin. 'I just can't understand why lads would not want to play for their county' a dúirt Brennan roimh Nollaig 2018.

Ní chuirfeadh éinne a milleán air dá mba rud é go dtug sé a chosa leis go luath tar éis dó teacht ar an bhfód ach níor dhein. Do bhí mianta ag Brennan don bhfoireann agus thuigfimis ar fad iad sula mbeadh a rian deireanach fágtha acu ar chraobh na bliana 2019.

Ról Cinniúnach

Labhair Brennan go macánta faoi na deacrachtaí roimh Nollaig agus d'aithin sé an ról cinniúnach a bhí ag Willie Dunphy mar cheannaire nádúrtha sa ghrúpa díreach nuair a bhí sé ag teastáil go géar uathu go luath sa bhliain. Ní raibh aon choinne againn leis an mbua ar Bhaile Átha Cliath ar ndóigh ach nuair a tháinig sé bhain sé creathadh as an tírdhreach iomána.

Bronnadh laoch na himeartha ar fhear Chloch, Baile Cholla Willie Dunphy ar an lá san. Chríochnaigh sé le ceithre chúilín ar chlár na scór ach ba iad a thréithe trodacha a thuill moladh na moltóirí sa deireadh. Bhí foireann úr-nua i mbarr a maitheasa i bPáirc Uí Mhórdha ach bhí baint ag Dunphy le seanré, na laethanta loma ó 2011 ar aghaidh. Ghéaraigh na drochlaethanta a ghoile chun cumas iomána an chontae a léiriú don domhan mór. Ba léir an mórtas áite a bhraith sé go doimhin ina chroí nuair a phléasc sé amach uaidh ag an bhfeadóg dheireanach.



Buíochas le Sportsfile

Tá sé canta riamh go dtagann na stoirmeacha is uafásaí nuair nach bhfuil aon choinne againn leo, agus go deimhin nuair nach bhfuil mórán againn ag féachaint. Ní raibh ceamairí RTÉ ann chun an scéal a thabhairt chugainn beo ach d'éinne nach raibh i láthair ar an lá stairiúil úd, do thosaigh na tuairiscí ag teacht go mear ó Pháirc Uí Mhórdha go raibh crith talún buailte i gcraobh iomána 2019. Bhí aithne mhaith againn ar Willie Dunphy thar oíche, duine de na tosaithe is cumasaí sa tír.

N'fheadar cad atá romhainn i mbliana, tá dóchas againn go mbeidh na cluichí againn am éigin isteach sa bhliain. Den chéad uair ó thosaigh sé ag imirt lena chontae dúchais, beidh Dunphy agus a chomrádaithe ullamh le ga a chur i gcráiceann na bhfoirne móra. Ní bheidh an t-iontas céanna orainn an uair seo.

Cúinsí - Circumstances

Tuilleann - Earns

Bata fuinseoige - Stick of ash

Éirí amach - Rising

Muintearas - Friendship

Milleán - Blame

Creathadh - Shake

Ghéaraigh - Sharpened

Goile - Appetite

Canta - Ráite

Dúchas - Native

Ga - Bite

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

F	M	A	C	O	R	R	A	C	H	L	T	N	O
U	E	H	T	I	A	S	O	T	S	O	H	A	A
A	I	I	A	L	I	N	I	L	L	I	U	H	T
I	R	Y	U	E	T	A	H	S	S	E	A	N	S
R	A	S	M	N	H	I	T	L	A	A	I	R	I
E	R	O	F	I	O	R	D	S	A	T	L	R	O
A	D	I	R	P	S	E	I	E	R	A	N	T	S
M	R	M	O	A	D	M	I	O	R	T	N	O	A
A	A	A	O	C	R	A	I	C	E	A	N	N	I
R	D	T	M	L	E	A	Y	H	P	N	U	D	A
A	O	S	A	T	A	A	A	R	C	A	O	D	H
R	N	I	I	B	R	D	H	S	N	L	A	A	H
O	A	E	S	C	M	U	H	I	I	R	I	N	A
T	S	U	T	R	L	U	A	S	R	S	E	F	D

CORRACH
RIAN
CRAICEANN
TOSAITHE
LUAS
DONAS
DUNPHY
IONTAS
THUILL
FUAIREAMAR
SPRID
MOLADH
AONTROIM
TRUA
SEANS
BATA